

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2021/1710 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meán Fómhair 2021

Iena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le glacadh cinnidh chun na hlarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), i gcrích trí bhithin Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ⁽¹⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.
- (2) De bhun Airteagal 778(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid dhílis den Chomhaontú sin na Prótacail agus na hlarscríbhinní a ghabhann leis. De bhun Airteagal 782(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, amhail ón dáta óna a chuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach, tuigfar tagairtí do dháta a theacht i bhfeidhm mar thagairtí don dáta óna gcuirfear é i bhfeidhm go sealadach.
- (3) Le hAirteagal 8(4), pointe (c), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta cinntí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. De bhun Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, is féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta na hlarscríbhinní agus na Foscscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal sin a leasú. De bhun Airteagal 10 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na cinntí a bheidh glactha ag an gCoiste ina gceangal ar na Páirtithe.
- (4) Ba cheart larscríbhinní SSC-1, SSC-4, SSC-5, agus SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, a mhéid a léiríonn siadreachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, a leasú, go háirithe chun athruithe a rinneadh le déanaí ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh. Ba cheart teideal larscríbhinn SSC-1 a cheartú sa chaoi nach do shochair 'in airgead tirim' amháin a thagrófar inti. Ba cheart Foscscríbhinn SSC-1 a ghabhann le hlarscríbhinn SSC-7 a leasú chun cinneadh ceann de na Páirtithe i socrú a liostaítear inti a léiriú.
- (5) Le hAirteagal SSC.11(6) a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, ceanglaítear ar na Páirtithe leagan nuashonraithe d'larscríbhinn SS-8 a fhoilsiú chomh luath agus is féidir tar éis tréimhse míosa amháin ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Ba cheart don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Sóisialta cinneadh a ghlacadh chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

- (6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta maidir leis an leasú sin ar larscríbhinní SSC-1, SSC-3, SSC-4, SSC-5, SSC-6 agus SSC-8 mar aon le Foscríbhinn SSCI-1 a ghabhann le hlarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1), pointe (p), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá sé i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. 1/2021 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE ARNA BUNÚ LE HAIRTEAGAL 8(1)(P) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE,

an ...

a mhéid a bhaineann leis an leasú ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

AN COISTE SPEISIALAITHE,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ⁽¹⁾ (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta na hlarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal sin a leasú.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinní SSC-1 SSC-4, SSC-5, agus SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, a mhéid a léiríonn siad reachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, a leasú, go háirithe chun athruithe a rinneadh le déanaí ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh. Ba cheart teideal Iarscríbhinn SSC-1 a cheartú sa chaoi nach do shochair 'in airgead tirim' amháin a thagrófar inti. Ba cheart Foscríbhinn SSC-1 a ghabhann le hlarscríbhinn SSC-7 a leasú chun cinneadh ceann de na Páirtithe i socrú a liostaítear inti a léiriú.
- (3) Le hAirteagal SSC.11(6) a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, ceanglaítear ar na Páirtithe leagan nuashonraithe d'Iarscríbhinn SS-8 a fhoilsiú chomh luath agus is féidir tar éis tréimhse míosa amháin ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar nuashonrú ar na hiontrálacha maidir leis na Ballstáit agus maidir leis an Ríocht Aontaithe in Iarscríbhinní SSC-1, SSC-3, SSC-4, SSC-5 agus SSC-6 maille leis na hiontrálacha i bhFoscríbhinn SSC-1 ghabhann le hlarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta de réir mar a fhoráiltear dó in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Déantar nuashonrú ar Iarscríbhinn SSC-8 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta de réir mar a fhoráiltear dó in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe.

Arna dhéanamh/déanamh i/sa...,

*Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh*

⁽¹⁾ IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LE CINNEADH UIMH. 1/2021

IARSCRÍBHINN SSC-1

SOCHAIR ÁIRITHE
NACH mBEIDH FEIDHM AG AN bPRÓTACAL SEO MAIDIR LEO

CUID 1

SOCHAIR AIRGID SPEISIALTA NEAMHRANNÍOCACHA

(pointe (a) d'Airteagal SSC.3(4) den Phrótacal seo)

(i) AN RÍOCHT AONTAITHE

- (a) Creidiúint Pinsin Stáit (an tAcht um Chreidiúint Pinsin Stáit 2002 agus an tAcht um Chreidiúint Phinsin Stáit (Tuaisceart Éireann) 2002)
- (b) Liúntais ioncam-bhunaithe do chuardaitheoirí poist (an tAcht um Chuardaitheoirí Post 1995 agus an tOrdú um Chuardaitheoirí Post (Tuaisceart Éireann) 1995)
- (c) An chomhpháirt soghluaisteachta den Liúntas um Maireachtáil faoi Mhíchumas (an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992 agus an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta (Tuaisceart Éireann) 1992)
- (d) Íocaíocht um Neamhspleáchas Pearsanta, comhpháirt soghluaisteachta (An tAcht um Athchóiriú Leasa Shóisialta 2012 (Cuid 4) agus an tOrdú um Athchóiriú Leasa (Tuaisceart Éireann) 2015 (Cuid 5))
- (e) Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Ioncam-Choibhneasta (an tAcht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta 2007 agus an tAcht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta (Tuaisceart Éireann) 2007)
- (f) Na Rialacháin um an Íocaíocht um an mBia Tús is Fearr (Beatha Leasmhara (Bianna Tosaithe is Fearr) (Albain) 2019 (SSI 2019/193))
- (g) Na Deontais Tosaithe is Fearr (deontas toirchis agus leanaí, deontas luathfhoghlama, deontas aoise scoile) (Rialacháin 2018 (Albain) um Chúnamh Luathbhlianta (Deontais Thosaithe is Fearr) (SSI 2018/370))
- (h) Na Rialacháin um Íocaíochtaí Tacaíochta Sochraide (Cúnamh um Chostais Fhónta (Albain) 2019 (SSI 2019/292))
- (i) Íocaíocht Leanaí na hAlban (Rialacháin Íocaíochta Leanaí na hAlban 2020 (SSI 2020/351))

(ii) NA BALLSTÁIT

AN OSTAIR

Forlíonadh cúiteach (Acht Cónaidhme an 9 Meán Fómhair 1955 maidir le hÁrachas Sóisialta Ginearálta – ASGV, Acht Cónaidhme an 11 Deireadh Fómhair 1978 maidir le hÁrachas sóisialta do dhaoine atá ag gabháil do thrádáil agus do thráchtáil - SVG agus Acht Cónaidhme an 11 Deireadh Fómhair 1978 maidir le hÁrachas sóisialta d'fheirmeoirí – BSVG).

AN BHEILG

- (a) Liúntas athsholáthair ioncaim (Dlí an 27 Feabhra 1987) (Inkomensvervangende tegemoetkoming/Allocation de remplacement de revenus);
- (b) Ioncam ráthaithe do dhaoine scothaosta (Dlí an 22 Márta 2001) (Inkomensgarantie voor ouderen/ Revenu garanti aux personnes âgées).

AN BHULGÁIR

Pinsean Sóisialta seanaoise (Airteagal 89a den Chód Árachais Shóisialta).

AN CHIPIR

- (a) Pinsean Sóisialta (Dlí Pinsin Shóisialta 1995 (Dlí 25(I)/95), an leagan leasaithe);
- (b) Liúntas um míchumas trom luaile (Cinneadh Uimh. 38210 ó Chomhairle na nAirí an 16 Deireadh Fómhair 1992, Cinneadh Uimh. 41370 ó Chomhairle na nAirí an 1 Lúnasa 1994, Cinneadh Uimh. 46183 an 11 Meitheamh 1997 agus Cinneadh Uimh. 53675 ó Chomhairle na nAirí an 16 Bealtaine 2001);
- (c) Deontas speisialta do dhaill (Dlí Deontas Speisialta 1996 (Dlí 77(I)/96), an leagan leasaithe).

AN DANMHAIRG

Speansas cóiríochta do phinsinéirí (an Dlí maidir le cúnamh cóiríochta do dhaoine aonair, arna chomhdhlúthú le Dlí Uimh. 204 an 29 Márta 1995).

AN EASTÓIN

Liúntas dífhostaíochta stáit (Acht an 29 Meán Fómhair 2005 um Sheirbhísí agus um Thacaíocht Mhargadh an tSaothair).

AN FHIONLAINN

- (a) Liúntas tithíochta do phinsinéirí (Acht a bhaineann leis an Liúntas Tithíochta do phinsinéirí, 571/2007);
- (b) Tacaíocht mhargadh an tsaothair (Acht maidir le Sochair Dhífhostaíochta 1290/2002).

AN FHRAINIC

- (a) Liúntais fhorlíontacha:
 - (i) ón gCiste Speisialta Easláine; agus
 - (ii) ón gCiste Dlúthpháirtíochta Seanaoise i leith cearta a fuarthas;
(Dlí an 30 Meitheamh 1956, arna chódú i Leabhar VIII den Chód Slándála Sóisialta);
- (b) Liúntas aosach míchumasaithe (Dlí an 30 Meitheamh 1975, arna chódú i Leabhar VIII den Chód Slándála Sóisialta);
- (c) Liúntas speisialta (Dlí an 10 Iúil 1952, arna chódú i Leabhar VIII den Chód Slándála Sóisialta) i leith cearta a fuarthas;
- (d) Liúntas dlúthpháirtíochta seanaoise (reacht an 24 Meitheamh 2004, arna chódú i Leabhar VIII den Chód Slándála Sóisialta) amhail ón 1 Eanáir 2006.

AN GHEARMÁIN

- (a) Ioncam cothaithe bunúsach do dhaoine scothaosta agus do dhaoine ag a bhfuil cumas foghlama laghdaithe faoi Chaibidil 4 den Chód Sóisialta (Leistungen der Grundsicherung im Alter und bei Erwerbsminderung nach dem Vierten Kapitel des Zwölften Buches Sozialgesetzbuch);
- (b) Sochair chun costais chothaithe a chumhdach faoin soláthar bunúsach do chuardaitheoirí poist i gcomhréir le Leabhar II den Chód Sóisialta (Leistungen zur Sicherung des Lebensunterhalts in der Grundsicherung für Arbeitssuchende nach dem Zweiten Buch Sozialgesetzbuch).

AN GHRÉIG

Sochair speisialta do dhaoine scothaosta (Dlí 1296/82).

AN UNGÁIR

- (a) Blianacht easláine (Foraithne Uimh. 83/1987 (XII 27) ó Chomhairle na nAirí maidir le Blianacht Easláine);
- (b) Liúntas seanaoise (Gníomh III 1993 maidir le Seirbhísí Sóisialta agus Sochair Shóisialta).

ÉIRE

- (a) Liúntas Cuardaitheora Poist (an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, Cuid 3, Caibidil 2);
- (b) Pinsean stáit (neamhranníocach) (an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, Cuid 3, Caibidil 4);
- (c) Pinsean baintrí, baintrí fir nó páirtí shibhialta a mhaireann (neamhranníocach) (an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, Cuid 3, Caibidil 6);
- (d) Liúntas míchumais (an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, Cuid 3, Caibidil 10);
- (e) Liúntas soghluaisteachta (an tAcht Sláinte 1970 (an leagan leasaithe) Roinn 61);
- (f) Pinsean do dhail (an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, Cuid 3, Caibidil 5).

AN IODÁIL

- (a) Pinsin shóisialta do dhaoine gan acmhainn (Dlí Uimh. 153 an 30 Aibreán 1969);
- (b) Pinsin agus liúntais do shibhialtaigh mhíchumasaithe nó d'easláin (Dlí Uimh. 118 an 30 Márta 1971, Dlí Uimh. 18 an 11 Feabhra 1980 agus Dlí Uimh. 508 an Dé Céadaoin 23 Samhain 1988);
- (c) Pinsin agus liúntais do bhodhair agus do bhalbháin (Dlí Uimh. 381 an 26 Bealtaine 1970 agus Dlí Uimh. 508 an Dé Céadaoin 23 Samhain 1988);
- (d) Pinsin agus liúntais do dhaill shibhialtacha (Dlí Uimh. 382 an 27 Bealtaine 1970 agus Dlí Uimh. 508 an Dé Céadaoin 23 Samhain 1988);
- (e) Sochair lena bhforlíontar na pinsin íosta (Dlí Uimh. 218 an 4 Aibreán 1952, Dlí Uimh. 638 an 11 Samhain 1983 agus Dlí Uimh. 407 an 29 Nollaig 1990);
- (f) Sochair lena bhforlíontar liúntais mhíchumais (Dlí Uimh. 222 an 12 Meitheamh 1984);
- (g) Liúntas sóisialta (Dlí Uimh. 335 an 8 Lúnasa 1995);
- (h) Méadú sóisialta (Airteagal 1(1) agus (12) de Dhlí Uimh. 544 an 29 Nollaig 1988 agus leasuithe ina dhiaidh sin).

AN LAITVIA

- (a) Sochar Slándála Sóisialta Stáit (Dlí maidir le Sochair Shóisialta an 1 Eanáir 2003);
- (b) Liúntas chun caiteachais iompair do dhaoine míchumasaithe atá faoi mhíchumas luaineachta a chúiteamh (Dlí maidir le Sochair Shóisialta Stáit an 1 Eanáir 2003).

AN LIOTUÁIN

- (a) Pinsin cúnaimh shóisialta le haghaidh míchumais agus seanaoise (Dlí 1994 maidir le Pinsin Cúnaimh Shóisialta Uimh. 1-675, Airteagal 5 agus 6, an leagan leasaithe);
- (b) Cúiteamh faoisimh (Dlí 1994 idir le Pinsin Cúnaimh Shóisialta, Uimh. 1-675, Airteagal 12, an leagan leasaithe);
- (c) Cúiteamh iompair do dhaoine míchumasaithe a bhfuil fadhbanna luaineachta acu (Dlí 2000 maidir le Cúiteamh Iompair, Airteagal 7 agus 7¹, an leagan leasaithe).

LUCSAMBURG

Ioncam do dhaoine atá faoi mhíchumas trom (Airteagal 1(2), Dlí an 12 Meán Fómhair 2003), cé is moite de dhaoine a dtugtar aitheantas dóibh mar oibrithe míchumasaithe atá fostaithe i margadh príomhshrutha an tsaothair nó i dtimpeallacht dhéanach.

MÁLTA

- (a) Liúntas forlíontach (Roinn 73 den Acht Slándála Sóisialta (Caibidil 318) 1987);
- (b) Pinsean aoise (Acht Slándála Sóisialta (Caibidil. 318) 1987).

AN ÍSILTÍR

- (a) An tAcht um Thacaíocht Oibre agus Fostaíochta do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas an 24 Aibreán 1997 (Wet Wajong);
- (b) Acht an 6 Samhain 1986 um Shochair Fhorlíontacha (TW).

AN PHOLAINN

- (a) Pinsean Sóisialta (Renta socjalna) Acht an 27 Meitheamh 2003 maidir le pinsin shóisialta (Ustawa o rencie socjalnej);
- (b) Sochar Tuismitheora Forlíontach (Rodzicielskie świadczenie uzupełniające Mama 4+) Acht an 31 Eanáir 2019 maidir le sochar tuismitheora forlíontach (Ustawa o rodzicielskim świadczeniu uzupełniającym);
- (c) Sochar forlíontach do dhaoine nach bhfuil in ann maireachtáil go neamhspleách (Świadczenie uzupełniające dla osób niezdolnych do samodzielnej egzystencji) Acht an 31 Iúil maidir le sochar forlíontach do dhaoine nach bhfuil in ann maireachtáil go neamhspleách (Ustawa o świadczeniu uzupełniającym dla osób niezdolnych do samodzielnej egzystencji).

AN PHORTAINGÉIL

- (a) Pinsean seanaoise neamhranníocach Stáit (Dlí Foraithe Uimh. 464/80 an 13 Deireadh Fómhair 1980, an leagan leasaithe);
- (b) Pinsean neamhranníocach baintrí (Foraithe Rialála Uimh. 52/81 an 11 Samhain 1981);
- (c) Forlíonadh dlúthpháirtíochta do dhaoine scothaosta (Dlí Foraithe Uimh. 232/2005 an 29 Nollaig 2005, an leagan leasaithe).

AN tSLÓVAIC

- (a) Coigeartú a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2004 ar phinsin arb iad an t-aon fhoinsé ioncaim iad;
- (b) Pinsean sóisialta a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2004.

AN SPÁINN

- (a) Ráthaíocht ioncaim íosta (Dlí Uimh. 13/82 an 7 Aibreán 1982);
- (b) Sochair airgid chun cabhrú le daoine scothaosta agus le heasláin nach bhfuil ar a gcumas obair a dhéanamh (Foraithe Ríoga Uimh. 2620/81 an 24 Iúil 1981):
 - (i) Pinsin neamhranníocacha easláine agus scoir dá bhforáiltear i gCaibidil II de Theideal VI de Théacs Comhdhlúite an Dlí Ghinearálta maidir le Slándáil Shóisialta, arna fhormheas le Foraithe Reachtach Ríoga Uimh. 8/2015 an 30 Deireadh Fómhair 2015; agus
 - (ii) na sochair lena bhforlíontar na pinsin thuas, mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Comunidades Autónomas, i gcás ina ráthaítear le forlíontaí den sórt sin ioncam cothaithe íosta ag féachaint don staid eacnamaíoch agus sóisialta sna Comunidades Autónomas lena mbaineann;
- (c) Liúntais chun soghluaisteacht a chur chun cinn agus costais iompair a chúiteamh (Dlí Uimh. 13/1982 an 7 Aibreán 1982).

AN tSUALAINN

- (a) Forlíonadh tithíochta (Caibidil 100-103 den Chód Árachais Shóisialta [2010:110]);
- (b) Tacaíocht airgeadais do dhaoine scothaosta (Caibidil 74 den Chód Árachais Shóisialta [2010:110]).

CUID 2

SOCHAIR CHÚRAIM FHADTÉARMAIGH

(pointe (d) d'Airteagal SSC.3(4) den Phrótacal seo)

(i) AN RÍOCHT AONTAITHE

- (a) Liúntas Tinrimh (An tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, Rialacháin Slándála Sóisialta (Liúntas Freastal) 1991, An tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta (Tuaisceart Éireann) 1992 agus Rialacháin Slándála Sóisialta (Liúntas Freastal) (Tuaisceart Éireann) 1992)
- (b) Liúntas Cúramóra (An tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, Na Rialacháin um Shlándáil Shóisialta (Liúntas Cúram Easláine), 1976, an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta (Tuaisceart Éireann) 1992) agus na Rialacháin um Shlándáil Shóisialta (Liúntas Cúram Easláine) (Tuaisceart Éireann), 1976
- (c) Liúntas Maireachtála faoi Mhíchumas, comhpháirt cúraim (an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, na Rialacháin um Shlándáil Shóisialta (Liúntas Maireachtála Míchumais) 1991, an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta (Tuaisceart Éireann) 1992 agus na Rialacháin um Shlándáil Shóisialta (Liúntas maidir le Maireachtáil Míchumais) (Tuaisceart Éireann) 1992)
- (d) Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta, comhpháirt mhaireachtála laethúil (An tAcht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta 2012 (Cuid 4), Na Rialacháin Leasa Shóisialta (an Íocaíocht um Neamhspleáchas Pearsanta) 2013, Na Rialacháin um Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta (Forálacha Idirthréimhseacha) 2013, na Rialacháin um Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta (Forálacha Idirlinne) (Leasú) 2019, An tOrdú um Athchóiriú Leasa Shóisialta (Tuaisceart Éireann) 2015 (Cuid 5), Na Rialacháin um Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta (Tuaisceart Éireann) 2016, Na Rialacháin um Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta (Forálacha Idirthréimhseacha) (Tuaisceart Éireann) 2016 agus na Rialacháin um Íocaíocht Neamhspleáchais Phearsanta (Forálacha Idirthréimhseacha) (Leasú) (Tuaisceart Éireann) 2019)

- (e) Forlíonadh Liúntas Cúramóra (An tAcht um Shlándaíl Shóisialta (Albain) 2018)
- (f) Deontas Cúramóra Óga (Na Rialacháin um Chúnamh Cúramóra (Deontais Cúramóra Óga) Rialacháin 2020 (Albain) 2020 (an leagan leasaithe))
- (g) Cúnamh Téimh Geimhridh do Leanaí (Rialacháin 2020 maidir leis an gcúnamh Téimh Geimhridh do leanaí agus daoine óga (Albain) (SSI 2020/352))

(ii) NA BALLSTÁIT

AN OSTAIR

Acht Cónaidhme um Liúntas Cúraim Fadtéarmach (Bundespflegegeldgesetz, BPGG), leagan bunaidh BGBl. Uimh. 110/1993, an leagan leasaithe: Pflegegeld (§1), Pflegekarenzgeld (§21c).

AN BHEILG

- (a) Airteagal 93, mír 8 agus Caibidil Vbis den Acht um Árachais Éigeantach Cúraim Sláinte agus Sochair Breoiteachta (Loi relative à l'assurance obligatoire soins de santé et indemnités/Wet betreffende de verplichte verzekering voor geneeskundige verzorging en uitkeringen), a chomhordú an 14 Iúil 1994.
- (b) Acht an 27 Feabhra 1987 maidir le liúntais do dhaoine faoi mhíchumas (Loi relative aux allocations aux personnes handicapées/Wet betreffende de tegemoetkomingen aan gehandicapten).
- (c) Cosaint shóisialta Fhlóndras (Vlaamse sociale bescherming): Forraithne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet houdende Vlaamse sociale bescherming) agus Orduithe ón rialtas Fhlóndras an 30 Samhain 2018;
 - Teideal II Sochair in airgead tirim, forraithne ó Parlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet houdende Vlaamse sociale bescherming):
 - airteagail. 4, 1^o agus 77 – 83 Forraithne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet van 18 mei 2018 houdende Vlaamse sociale bescherming) Buiséad cúraim do dhaoine an-spleách;
 - airteagail. 4, 2^o agus 84 – 90 Forraithne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet van 18 mei 2018 houdende Vlaamse sociale bescherming) Buiséad cúraim do dhaoine scothaonta ag a bhfuil riachtanas cúraim;
 - airteagail 4, 3^o agus 91 – 94, Forraithne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet van 18 mei 2018 houdende Vlaamse sociale bescherming) Buiséad tacaíochta bunúsaí;
- (d) Forraithne an 13 Nollaig 2018 maidir le tairiscintí do dhaoine scothaosta nó do dhaoine cleithiúnacha chomh maith le cúram maolaitheach (Dekret über die Angebote für Senioren und Personen mit Unterstützungsbedarf sowie über die Palliativpflege).
- (e) Forraithne an 4 Meitheamh 2007 ar thithe altranais síciatracha (Dekret über die psychiatrischen Pflegewohnheime).
- (f) Forraithne Rialtais an 20 Meitheamh 2017 maidir le háiseanna soghluaisteachta (Erlass über die Mobilitätshilfen).
- (g) Forraithne an 13 Nollaig 2016 maidir le bunú Oifig Chomhphobail Ghearmánach don saol féinchinntithe (Dekret zur Schaffung einer Dienststelle der Deutschsprachigen Gemeinschaft für selbstbestimmtes Leben).
- (h) Forraithne Ríoga an 5 Márta 1990 maidir leis an liúntas le haghaidh cúnamh do na daoine scothaosta (Königliches Dekret vom 5. März 1990 über die Beihilfe für ältere Menschen).
- (i) Ordú an 21 Nollaig 2018 maidir le comhlachtaí árachais sláinte na Bruiséile i réimse an chúraim sláinte agus an chúnaimh do dhaoine (Ordonnantie van 21 december 2018 betreffende de Brusselse verzekeringsinstellingen in het domein van de gezondheidszorg en de hulp aan personen/Ordonnance du 21 décembre 2018 relative aux organismes assureurs bruxellois dans le domaine des soins de santé et de l'aide aux personnes).
- (j) Airteagal 215 bis Forraithne Ríoga an 3 Iúil 1996 lena gcuirtear i bhfeidhm an dlí maidir le hárachas éigeantach le haghaidh cúram sláinte agus sochair, arna chomhordú an 14 Iúil 1994 (Artikel 215 bis Koninklijk Besluit van 3 juli 1996 tot uitvoering van de wet betreffende de verplichte verzekering voor geneeskundige verzorging en uitkeringen, gecoördineerd op 14 juli 1994/ Article 215 bis Arrêté royal du 3 juillet 1996 portant application de la loi sur l'assurance obligatoire des soins de santé et des prestations, coordonné le 14 juillet 1994).

- (k) Airteagal 12 Forairthne Ríoga an 20 Iúil 1971 maidir le cur chun feidhme árachas sochar agus árachas máithreachais ar mhaithe leis na féinfhostaithe agus na gcéilí a chabhraíonn leo (Artikel 12 Koninklijk Besluit van 20 juli 1971 betreffende de uitvoering houdende instelling van een uitkeringsverzekering en een moederschapsverzekering ten voordele van de zelfstandigen en van de meewerkende echtgenoten/ Article 12 Arrêté royal du 20 juillet 1971 relatif à la mise en place de l'assurance de prévoyance et de l'assurance maternité au profit des indépendants et des conjoints aidants).
- (l) Airteagail 43/32 - 43/46 de Chód Gníomhaíochta Sóisialta agus Sláinte na Vallúine: Liúntas le haghaidh Cúnamh do Dhaoine Scothaosta.
- (m) Airteagal 799 de Chód Rialála na Vallúine maidir le Gníomhaíocht maidir le Gníomhaíocht Shóisialta agus Sláinte: Buiséad um Chúnamh Pearsanta.
- (n) Forairthne an 8 Feabhra 2018 maidir le sochair theaghlaigh a riar agus a íoc.
- (o) Dlí an 19 Nollaig 1939 maidir le liúntais teaghlaigh (LGAF): Liúntas teaghlaigh.
- (p) Ordú an 10 Nollaig 2020 maidir leis an liúntas le haghaidh cúnamh do dhaoine scothaosta (Ordonnantie van 10 december betreffende de tegemoetkoming voor hulp aan bejaarden/Ordonnance du 10 décembre 2020 relative à l'allocation pour l'aide aux personnes âgées).
- (q) Forairthne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chosaint shóisialta Fhlóndras (Decreet van 18 mei 2018 houdende Vlaamse sociale bescherming) agus Orduithe ón rialtas Fhlóndras an 30 Samhain 2018:
 - airteagail 4, 4^o agus 140 - 153 den Fhorairthne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chúnamh sóisialta Fhlóndras: lárionaid cúraim cónaithe a mhaoiniú;
 - airteagal 4, 5^o d'Fhorairthne Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir le heagrú chúnamh sóisialta Fhlóndras agus airteagail 54 - 72 d'Fhorairthne an 6 Iúil 2018 maidir le táthcheangal na hearnálacha seo: tithe cúraim shíciatraigh agus tionscnaimh scáth-thithíochta, comhaontuithe athshlánúcháin, ospidéal athshlánúcháin agus foirne comhairleachta cúraim mhaolaithigh ildisciplíneacha a mhéid a bhaineann le tithe cúraim shíciatraigh agus tionscnaimh scáthchónaithe (Decreet van 6 juli 2018 betreffende de overname van de sectoren psychiatrische verzorgingstehuizen, initiatieven van beschut wonen, revalidatieovereenkomsten, revalidatieziekenhuizen en multidisciplinaire begeleidingsequipes voor palliatieve verzorging voor wat betreft de financiering van de psychiatrische verzorgingstehuizen en de initiatieven van beschut wonen);
 - airteagail 4, 9^o agus 105 - 135 den Fhorairthne ó Pharlaimint Fhlóndras an 18 Bealtaine 2018 maidir leis na háiseanna soghluaisteachta;
- (r) Forairthne an 13 Nollaig 2018 maidir le tairiscintí do dhaoine scothaosta nó do dhaoine a dteastaíonn tacaíocht uathu agus maidir le cúram maolaitheach (Dekret vom 13. Dezember 2018 über die Angebote für Senioren und Personen mit Unterstützungsbedarf sowie über die Palliativpflege).
- (s) Forairthne an 4 Meitheamh 2007 ar Thithe Altranais Síciatracha (Dekret über die psychiatrischen Pflegewohnheime).
- (t) Forairthne Rialtais an 20 Meitheamh 2017 maidir le háiseanna soghluaisteachta (Erlass über die Mobilitätshilfen).
- (u) Forairthne an 13 Nollaig 2016 lena mbunaítear Oifig an Phobail Gearmáinise do shaol féinchinntithe (Dekret zur Schaffung einer Dienststelle der Deutschsprachigen Gemeinschaft für selbstbestimmtes Leben).
- (v) Forairthne Ríoga an 5 Márta 1990 maidir leis an liúntas le haghaidh cúnamh do na daoine scothaosta (Königliches Dekret vom 5. März 1990 über die Beihilfe für ältere Menschen).
- (w) Forairthne Rialtais an 19 Nollaig 2019 maidir le rialáil idirthréimhseach an nós imeachta chun réamhúdarú nó toiliú a fháil nó chun na costais a bhaineann le hathshlánú fadtéarmach thar lear a chumhdach nó a roinnt (Erlass der Regierung zur übergangsweisen Regelung des Verfahrens zur Erlangung einer Vorabgenehmigung oder Zustimmung zwecks Kostenübernahme oder Kostenbeteiligung für eine Langzeitrehabilitation im Ausland).
- (x) Ordú an 21 Nollaig 2018 maidir le comhlachtaí árachais sláinte na Bruiséile i réimse an chúraim sláinte agus an chúraim do dhaoine (Ordonnantie van 21 december 2018 betreffende de Brusselse verzekeringsinstellingen in het domein van de gezondheidszorg en de hulp aan personen/Ordonnance du 21 décembre 2018 relative aux organismes assureurs bruxellois dans le domaine des soins de santé et de l'aide aux personnes).

- (y) Dlí Comhordaithe maidir le hOspidéal agus Institiúidí Cúraim eile an 10 Iúil 2008:
- Sochair a chuireann Tithe Cúraim Shíciatraigh (MSP) ar fáil agus cúram i dtithe scíthe (MR) agus lárionaid cúraim lae (CSJ): Airteagal 170;
 - Seirbhísí a chuireann Tionscnaimh Tithíochta Cosanta (IHP) ar fáil: Airteagal 6;
- (z) Dlí maidir le hÁrachas Éigeantach Cúraim Sláinte agus Slánaíochta an 14 Iúil 1994:
- Sochair a chuireann Tithe Cúraim Shíciatraigh (MSP) ar fáil: Airteagal 34, 11e: sochair a chuireann MSP ar fáil;
 - Cúram i dtithe scíthe (MR) agus i lárionaid cúraim lae (CSJ): Airteagail 26, 34, 11° agus 12°, 37, §12 agus 69, §4;
 - Éirí as caitheamh tobac: airteagal 34, mír 1, 24°, (lena bhforáiltear go bhfuil cúnamh agus cúnamh cógaisíochta le héirí as caitheamh tobac ar na sochair shláinte);
- (aa) Forathne Ríoga an 18 Iúil 2001 lena leagtar síos na rialacha a socraítear dá réir buiséad na n-acmhainní airgeadais, cuóta na laethanta fanachta agus an praghas in aghaidh an lae fanachta i gcás tionscnaimh tithíochta cosanta: Seirbhísí a chuireann Tionscnaimh Tithíochta Cosanta (IHP) ar fáil.
- (bb) Forathne an 31 Lúnasa 2009 maidir le hidirghabháil cúraim sláinte agus árachais cúitimh le haghaidh cúnamh le héirí as caitheamh tobac.
- (cc) Cód Gníomhaíochta Sóisialta agus Sláinte na Vallúine:
- Sochair a chuireann Tithe Cúraim Shíciatraigh (MSP) ar fáil agus seirbhísí a chuireann Tionscnaimh Tithíochta Cosanta (IHP) ar fáil: airteagal 43/7. [6°];
 - Cúram i dtithe scíthe (MR) agus i lárionaid cúraim lae (CSJ): Airteagal 43/7 [4°];
- Lárionaid athoideachais fheidhmiúil: airteagal 43/7, 3°: cúram a bhfuil gá leis de bharr cúram athshlánúcháin dá dtagraítear sna comhaontuithe athshlánúcháin a tugadh i gcrích le bunaíocht athoideachais fheidhmiúil dá bhforáiltear in airteagal 43/2, mír 1, 11 de Chód Gníomhaíochta Sóisialta agus Sláinte na Vallúine;
- Bunaíochtaí chun daoine scothaosta a ghlacadh agus cóiríocht a thabhairt dóibh: airteagal 334 go 410;
 - Bunaíochtaí cúraim: airteagail 411 go 418;
 - Comhlachais sláinte comhtháite: airteagail 419 go 433.
 - Meabhairshláinte: airteagail 539 go 624;
 - Tacaíocht do theaghlaigh agus do dhaoine scothaosta: Airteagail 219 go 260;
 - Éirí as caitheamh tobac: Airteagal 43/7 [9°];
 - Áiseanna soghluaisteachta: Airteagal 43/7. [1 °]; Ordú ó Rialtas na Vallúine an 11 Aibreán 2019 lena mbunaítear ainmníocht na sochar agus na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 43/7, 1° den Chód Gníomhaíochta Sóisialta agus Sláinte agus Airteagal 10/8 de Chód Rialála na Vallúine maidir le Gníomhaíocht maidir le Gníomhaíocht Shóisialta agus Sláinte;
 - Cúram maolaitheach: Airteagal 491/4 agus s;
- (dd) Cód Gníomhaíochta Sóisialta agus Sláinte na Vallúine: Airteagal 726;
- Seirbhísí Gearr fhanachta, Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine Fásta (SRA), Seirbhísí Chónaithe Oíche do Dhaoine Fásta (SRNA), Seirbhísí Cóiríochta faoi Thacaíocht (SLS): airteagail 1192 go 1314;
 - Seirbhísí Tacaíochta le haghaidh Gníomhaíochtaí Maireachtála Laethúla: Airteagal 726;
 - Seirbhísí a eagraíonn cúram faoisimh do chúramóirí teaghlaigh agus do dhaoine faoi mhíchumas: Airteagal 831/1;
 - Seirbhísí a chuireann tacaíocht de chineál teaghlaigh ar fáil: Airteagal 477;
 - Seirbhísí tacaíochta do dhaoine fásta: Airteagal 552 §2;
 - Seirbhísí tacaíochta moiche: Airteagal 552 §1;
 - Seirbhísí tacaíochta lánpháirtíochta: Airteagal 630;
 - Seirbhísí a chuireann ateangaireacht i dteanga chomharthaíochta ar fáil: Airteagal 831/77;
 - Cúnamh lánpháirtíochta aonair: Airteagal 784;
 - Athshlánú feidhmeach daoine faoi mhíchumas: Airteagal 832;

- Seirbhísí glactha speisialaithe do dhaoine óga, Seirbhísí Cónaithe don Aos Óg (SRJ): Airteagail 1314/97 go 1314/187;
- Seirbhísí cúraim lae do dhaoine fásta (SAJA): Airteagail 1314/1 go 1314/96;
- (ee) Foraithe an 9 Márta 2017 maidir le praghas cóiríochta agus maoiniú trealamh áirithe le haghaidh seirbhísí leighis-teicniúla troma in ospidéal: Bonneagair leighis-shóisialta.
- (ff) Ordú ó Rialtas na Vallúine an 15 Bealtaine 2008: Bonneagair leighis-shóisialta.
- (gg) Ordú Ríoga ón 14 Bealtaine 2003: Seirbhísí comhtháite cúraim baile.
- (hh) Comhaontú comhoibriúcháin an 31 Nollaig 2018 idir Pobal Fhlóndras, Réigiún na Vallúine, Coimisiún an Phobail Fraincise, Comhchoimisiún na bPobal agus Coimisiún an Phobail Gearmáinise maidir le háiseanna soghluaiste (Samenwerkingsakkoord van 31 december 2018 tussen de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschapscommissie en de Gemeenschappelijke Gemeenschapscommissie betreffende de mobiliteitshulpmiddelen/ Accord de collaboration du 31 décembre 2018 entre la Communauté flamande, la Commission communautaire française et la Commission communautaire commune sur les aides à la mobilité).
- (ii) (Comhaontú comhoibriúcháin an 31 Nollaig 2018 idir Pobal Fhlóndras, Réigiún na Vallúine, Coimisiún an Phobail Fraincise agus Comhchoimisiún na bPobal maidir leis an bpointe teagmhála aonair le haghaidh cúnaimh shoghluaiste i réigiún dátheangach na Bruiséile-na Príomhchathrach (Samenwerkingsakkoord van 31 december 2018 tussen de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschapscommissie en de Gemeenschappelijke Gemeenschapscommissie betreffende het uniek loket voor de mobiliteitshulpmiddelen in het tweetalige gebied Brussel-Hoofdstad/ Accord de coopération du 31 décembre 2018 entre la Communauté flamande, la Commission communautaire française et la Commission communautaire commune relatif au guichet unique pour les aides à la mobilité dans la région bilingue de Bruxelles-Capitale).

AN BHULGÁIR

- (a) Airteagal 103 den Chód Árachais Shóisialaigh (член 103 от Кодекса за социално осигуряване), 1999 teideal arna leasú 2003.
- (b) An Dlí maidir le Cúnamh Sóisialta (Закон за социално подпомагане), 1998.
- (c) Rialachán maidir le cur chun feidhme an Dlí maidir le Cúnamh Sóisialta (Правилник за прилагане на Закона за социално подпомагане), 1998.
- (d) Acht na nDaoine faoi Mhíchumas (Закон за хората с увреждания), 2019.
- (e) Acht an Chúnaimh Phearsanta (Закон за личната помощ), 2019.
- (f) Rialachán maidir le Cur Chun Feidhme an Achta maidir le Daoine atá faoi Mhíchumas (Правилник за прилагане на Закона за интеграция на хората с увреждания), 2019.
- (g) Reacht maidir le saineolas míochaine (Наредба за медицинската експертиза) 2017.

AN CHRÓIT

- (a) An tAcht Leasa Shóisialaigh (Zakon o socialnoj skrbi, OG 157/13, 152/14, 99/15, 52/16, 16/17, 130/17, 98/19, 64/20 and 138/20):
 - Íos-sochar ráthaithe (zajamčena minimalna naknada);
 - Sochar tithíochta (naknada za troškove stanovanja);
 - Ceart ar chostais bhreosla (pravo na troškove ogrjeva);
 - Cúnamh do thomhaltóirí fuinnimh leochaileacha (naknada za ugroženog kupca energenata);
 - Íocaíocht chúnaimh aonuaire;
 - Liúntas riachtanas pearsanta do thairbhí na cóiríochta (naknada za osobne potrebe korisnika smještaja);
 - Cúiteamh maidir le hoideachas (naknada u vezi s obrazovanjem);
 - Liúntas míchumais phearsanta (osobna invalidnina);

- Liúntas le haghaidh cúnaimh agus cúraim (doplatak za pomoć i njegu);
 - Liúntas le haghaidh stádas tuismitheora-cúramóra nó cúramóra (naknada za status roditelja njegovatelja ili njegovatelja);
 - Liúntais do chuardaitheoirí poist (naknada do zaposlenja);
- (b) Acht an Chúraim Altrama (Zakon o udomiteljstvu OG 115/18):
- Liúntais altrama (opskrbnina);
 - Liúntas cúraim chothaithe (naknada za rad udomitelja).

AN CHIPIR

- (a) Seirbhísí Leasa Shóisialaigh (cúramηρεσίες υοινυνικυς Ευημερίας).
- (b) Déantar na Rialacháin agus na Rialacháin um Shochair Shóisialta (Riachtanais Éigeandála agus Riachtanais Cúraim) faoi mar a leasaítear iad nó a chuirtear ina n-ionad iad a leasú nó a chur ina n-ionad. Dlíte maidir le Tithe do Dhaoine Scothaosta agus Daoine faoi Mhíchumas (Οι περί Στεγών για Ηλικιωμένους και Αναπήρους Νόμοι) de 1991 - 2011. [L. 222/91 agus L. 65(I)/2011].
- (c) Dlíte maidir le Lárionaid Cúraim Lae do Dhaoine Fásta (Οι περί Κέντρων Ενηλίκων Νόμοι)(L. 38(I)/1997 agus L.64(I)/2011).
- (d) An Scéim Státchabhrach, faoi Rialachán 360/2012 maidir le seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (*De minimis*) [Σχέδιο Κρατικών Ενισχύσεων Ήσσονος Σημασίας, βάση του Κανονισμού 360/2012 για την παροχή υπηρεσιών γενικού οικονομικού συμφέροντος].
- (e) Seirbhís Riaracháin um Shochair Leasa (Υπηρεσία Διαχείρισης Επιδομάτων Πρόνοιας).
- (f) An t-ioncam íosta ráthaithe agus, go ginearálta, an Dlí maidir le Sochair Leasa 2014, mar a leasaítear é nó mar a chuirtear ina ionad é.
- (g) An Ioncam Íosta Ráthaithe agus, go ginearálta, na Rialacháin um Shochair Leasa agus Foraitheanta mar a leasaítear iad nó a chuirtear ina n-ionad.

AN tSEICIA

Liúntas Cúraim de réir an Achta. Uimh. 108/2006 maidir le seirbhísí sóisialta (Zákon o sociálních službách).

AN DANMHAIRG

- (a) Acht Comhdhlúthúcháin maidir leis an tSeirbhís Shóisialta (Lov om social service):
- Liúntas le haghaidh cúram a thabhairt do gharghaolta ar mian leo bás a fháil ina n-áitreabh féin (Vederlag til pasning af nærtstående, der ønsker at dø i eget hjem);
 - Cúnamh chun tuilleamh a cailleadh a chumhdach do dhaoine atá ag tabhairt aire sa bhaile do leanbh faoi bhun 18 mbliana ar a bhfuil mallachar fisiceach nó meabhrach nó tinneas ionrach ainsealach nó fadtéarmach eile (Hjælp til dækning af tabt arbejdsfortjeneste til personer, som passer et barn under 18 med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller indgribende kronisk eller langvarig lidelse i hjemmet);
 - Cumhdach speansas eile do leanaí agus daoine óga ar a bhfuil mallachar fisiceach nó meabhrach suntasach buan nó tinneas ionrach ainsealach nó fadtéarmach (Dækning af merudgifter til børn og unge med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller indgribende kronisk eller langvarig lidelse);
 - Cúnamh pearsanta agus cúram pearsanta, ‘uachtanna cúraim’ agus duine teagmhála do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas fisiceach nó meabhrach nó ag a bhfuil fadhbanna sóisialta speisialta (Personlig hjælp og pleje, ”plejetestamenter” og kontaktperson for voksne med nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller med særlige sociale problemer);
 - Áiseanna, cuidiú le dearadh inti le haghaidh tithíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas buan fisiceach nó meabhrach (Hjælpe midler, hjælp til indretning af bolig for personer med varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne);
 - Aire a thabhairt sa bhaile do gharghaol ar a bhfuil míchumas nó tinneas tromchúiseach, lena n-áirítear tinneas doleigheasta (Pasning af nærtstående med handicap eller alvorlig, herunder uhelbredelig, lidelse i hjemmet);

- (b) An tAcht Comhdhlúthúcháin maidir le Fordheontas Tithíochta (Lov om individuel boligstøtte):
 - Fordheontas le haghaidh costais áitreabh i gcomharchumainn tithíochta príobháidí atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach tromchúiseach (Støtte til udgifter til bolig i private andelsboligforeninger, der er egnet for stærkt bevægelseshæmmede);
- (c) Acht Comhdhlúthúcháin maidir le Tithíocht Shóisialta (Lov om almene boliger):
 - Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar cineálacha éagsúla tithíochta atá faoi réir an Achta (Lov om almene boliger).

AN EASTÓIN

- (a) An tAcht Leasa Shóisialaigh (Sotsiaalhoolekande seadus) 2016.
- (b) Acht maidir le Sochair Shóisialta do Dhaoine faoi Mhíchumas (Puuetega inimeste sotsiaaltoetuste seadus) 1999.

AN FHRAINIC

2. Le reachtaíocht na Fraince atá infheidhme maidir le duine atá ag gabháil nó a bhí ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe chun Caibidil 5 de Theideal III den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm, áirítear an bhunsceim nó na bunscéimeanna árachais seanaoise agus an scéim fhorlíontach scoir nó na scéimeanna forlíontacha scoir a raibh an duine lena mbaineann faoina réir.

AN GHEARMÁIN

1. Gan dochar do phointe (a) d'Airteagal SSC.6 den Phrótacal seo agus pointe 1 d'Airteagal 5(4), den Sozialgesetzbuch VI (Imleabhar VI den Chód Sóisialta), féadfaidh duine a fhaigheann lánphínsean seanaoise faoi reachtaíocht Stáit eile a iarraidh go ndéanfaí é a árachú go héigeantach faoi scéim árachais pinsin na Gearmáine.
2. D'ainneoin phointe (a) d'Airteagal SSC.6 den Phrótacal seo agus Airteagal 7 den Sozialgesetzbuch VI (Imleabhar VI den Chód Sóisialta), duine atá árachaithe go héigeantach i Stát eile, nó a fhaigheann pinsean seanaoise faoi reachtaíocht Stáit eile, féadfaidh sé dul isteach sa scéim árachais shaorálach sa Ghearmáin.
3. Chun sochair airgid thirim a dheonú faoi §47(1) de SGB V, §47(1) de SGB VII agus §24i de SGB V do dhaoine árachaithe a bhfuil cónaí orthu i Stát eile, i scéimeanna árachais na Gearmáine, ríomhtar an glanphá, a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar shochair, amhail is dá mbeadh an duine árachaithe ina chónaí sa Ghearmáin, mura n-iarraíodh an duine árachaithe measúnú ar bhonn an ghlanphá iarbhrí a fhaigheann sé.
4. Náisiúnaigh de chuid Ballstát eile ar lasmuigh den Ghearmáin a n-áit chónaithe nó a ngnátháit chónaithe agus a chomhlíonann coinníollacha ginearálta scéim árachais pinsin na Gearmáine, ní fhéadfaidh siad ranníocaíochtaí saorálacha a íoc ach amháin má bhí siad árachaithe go saorálach nó go héigeantach i scéim árachais pinsin na Gearmáine tráth éigin roimhe sin; beidh feidhm aige seo freisin maidir le daoine gan stát agus maidir le dídeanaithe ar i Stát eile atá a n-áit chónaithe nó a ngnátháit chónaithe.
5. Is faoi threoir thréimhsí na Gearmáine amháin a chinnefear an pauschaleAnrechnungszeit (tréimhse shocráithe creidiúna) de bhun Airteagal 253 den Sozialgesetzbuch VI (Imleabhar VI den Chód Sóisialta).
6. I gcásanna ina mbeidh reachtaíocht pinsin na Gearmáine, a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 1991, infheidhme chun pinsin a atháireamh, ní bheidh feidhm ach amháin ag reachtaíocht na Gearmáine chun tréimhsí ionadacha Gearmánacha (Ersatzzeiten) a chreidiúnú.

7. Reachtaíocht na Gearmáine maidir le tionóiscí ag an obair agus galair cheirde a bhfuil cúiteamh le déanamh orthu faoin dlí lena rialaítear pinsin eachtracha agus reachtaíocht na Gearmáine maidir le sochair le haghaidh tréimhsí árachais a bhféadfar creidiúnú a dhéanamh orthu faoin dlí lena rialaítear pinsin eachtracha sna críocha a ainmnítear i mír 1(2)(3) den Acht um ghnóthaí daoine díláithrithe agus dídeanaithe (Bundesvertriebenengesetz), leanfaidh sí d'fheidhm a bheith aici faoi raon feidhme an Phrótacal seo, d'ainneoin fhorálacha mhír 2 den Acht um pinsin eachtracha (Fremdrentengesetz).
8. Chun an méid teoriciúil dá dtagraítear i bpointe (b)(i) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo a ríomh, i scéimeanna pinsean do ghairmeacha liobrálacha, tógfaidh an institiúid inniúil mar bhonn, i ndáil le gach bliain de na blianta árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht aon Stáit eile, an mheánteidliocht bhliantúil phinsin a fuarthas le linn thréimhse ballraíochta na hinstitiúide inniúla trí ranníocaíochtaí a íoc.

AN GHRÉIG

1. Tá feidhm ag Dlí Uimh. 1469/84 maidir le cleamhnú saorálach leis an scéim árachais pinsin do náisiúnaigh de chuid na Gréige agus do náisiúnaigh eachtracha de bhunadh na Gréige, maidir le náisiúnaigh Stát eile, daoine gan stát agus dídeanaithe, i gcás ina raibh na daoine lena mbaineann, tráth éigin san am a caitheadh, árachaithe go héigeantach nó go saorálach le scéim árachais pinsin na Gréige, gan spleáchas dá n-áit chónaithe nó fanachta.
2. D'ainneoin phointe (a) d'Airteagal SSC.6 den Phrótacal seo agus d'Airteagal 34 de Dhlí 1140/1981, féadfaidh duine a fhaigheann pinsean i leith tionóiscí ag an obair nó galar ceirde faoi reachtaíocht Stáit eile a iarraidh go ndéanfaí é a árchú go héigeantach faoin reachtaíocht a chuireann OGA i bhfeidhm, a mhéid atá siad ag gabháil do ghníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta sin.

ÉIRE

D'ainneoin Airteagal SSC.19(2) agus Airteagal SSC.57 den Phrótacal seo, chun tuilleamh seachtainiúil ináirithe forordaithe an duine árachaithe a ríomh chun sochar breoiteachta nó sochar dífhostaíochta a dheonú faoi reachtaíocht na hÉireann, creidiúnófar méid is ionann agus meánphá seachtaine daoine fostaithe sa bhliain fhorordaithe ábhartha don duine árachaithe sin i leith gach seachtaine gníomhaíochta mar dhuine fostaithe faoi reachtaíocht Stáit eile le linn na bliana forordaithe sin.

MÁLTA

Forálacha speisialta do státseirbhísigh

- (a) Chun críocha Airteagail SSC.43 agus SSC.55 den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm, agus chun na gcríoch sin amháin, déileálfar mar státseirbhísigh le daoine arna bhfostú faoi Acht Fhórsaí Armtha Mhálta (Caibidil 220 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPóilíní (Caibidil 164 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPríosún (Caibidil 260 de Dhlíthe Mhálta) agus faoi Acht um Chosaint Shibhialta (Caibidil 411 de Dhlíthe Mhálta).
- (b) Pinsin is iníoctha faoi na Gníomhartha thuasluaite agus faoi Reacht na bPinsean (Caibidil 93 de Dhlíthe Mhálta), measfar, chun críocha phointe (cc) d'Airteagal SSC.1 den Phrótacal seo, agus chun na gcríoch sin amháin, gur 'scéimeanna speisialta do státseirbhísigh iad'.

AN ÍSILTÍR

1. Árachas cúraim sláinte

- (a) Maidir le teidlíocht ar shochair chomhchineáil faoi reachtaíocht na hÍsiltíre, ciallóidh daoine atá i dteideal sochar comhchineáil chun críche chur chun feidhme Chaibidil 1 agus 2 de Theideal III den Phrótacal seo:
 - (i) daoine a bhfuil sé d'oibleagáid orthu, faoi Aireagal 2 den Zorgverzekeringswet (An tAcht um Árachas Cúraim Sláinte), árachas a bhaint amach faoi árachóir cúraim sláinte; agus
 - (ii) a mhéid nach bhfuil siad san áireamh cheana faoi phointe (i), daoine de theaghlach pearsanra mhíleata ghníomhaigh a bhfuil cónaí orthu i Stát eile agus daoine atá ina gcónaí i Stát eile agus atá i dteideal faoin bPrótacal seo cúram sláinte a fháil ina stát cónaithe agus na costais á seasamh ag an Ísiltír.
- (b) I gcomhréir le forálacha an Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte), ní mór do na daoine dá dtagraítear i bpointe 1(a)(i) árachas a bhaint amach le hárachóir cúraim sláinte agus ní mór do na daoine dá dtagraítear i bpointe 1(a)(ii) clárú leis an College voor zorgverzekeringen (An Bord um Árachas Cúraim Sláinte).

- (c) Beidh feidhm ag forálacha an Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte) agus ag forálacha an Algemene Wet Bijzondere Ziektekosten (an tAcht Ginearálta um Chostais Eisceachtúla Liachta) i ndáil le dliteanas i leith ranníocaíochtaí a íoc maidir leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (a) agus maidir le daoine dá dteaghlach. Maidir le daoine de theaghlach, déanfar na ranníocaíochtaí a thobhach ar an duine óna dtagann an ceart chun cúraim sláinte, seachas daoine de theaghlach pearsanra mhíleata atá ina gcónaí i Stát eile, ar daoine iad a dhéanfar a thobhach go díreach.
- (d) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte), maidir le hárachas deireanach i gcás clárú deireanach leis an College voor zorgverzekering (An Bord um Árachas Cúraim Sláinte) i ndáil leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (a)(ii).
- (e) Daoine atá i dteideal sochar de bhun reachtaíochta Stáit seachas an Ísiltír agus a bhfuil cónaí orthu san Ísiltír nó a fhanann go sealadach san Ísiltír, beidh siad i dteideal sochar comhchineáil i gcomhréir leis an mbeartas a thairgeann institiúid na háite cónaithe nó na háite fanachta san Ísiltír do dhaoine árachaithe, agus Airteagal 11(1), (2) agus (3) agus Airteagal 19(1) den Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte) á gcur san áireamh chomh maith leis na sochair chomhchineáil a sholáthraítear leis an Algemene Wet Bijzondere Ziektekosten (An tAcht Ginearálta um Chostais Eisceachtúla Liachta).
- (f) Chun críocha Airteagail SSC.21 go SSC.27 den Phrótacal seo, caithfear leis na sochair seo a leanas i dteannta na bpinsean a chumhdaítear le Caibidlí 4 agus 5 de Theideal III den Phrótacal seo mar phinsin atá dlite faoi reachtaíocht na hÍsiltíre:
- pinsin arna ndámhachtain faoi Dhlí an 6 Eanáir 1966 maidir le pinsin do státseirbhísigh agus dá marthanóirí (Algemene burgerlijke pensioenwet) (Acht um Pinsin na Státseirbhíse san Ísiltír),
 - pinsin arna ndámhachtain faoi Dhlí an 6 Deireadh Fómhair 1966 maidir le pinsin do phearsanra míleata agus dá marthanóirí (Algemene burgerlijke pensioenwet) (Acht na bPinsean Míleata),
 - sochair le haghaidh éagumais chun oibre arna ndámhachtain faoi Dhlí an 7 Meitheamh 1972 maidir le sochair le haghaidh éagumais chun oibre do phearsanra míleata (Wetarbeidsomstandighedenwet voor militairen) (An tAcht um Éagumas Pearsanra Míleata Chun Oibre),
 - pinsin arna ndámhachtain faoi Dhlí an 15 Feabhra 1967 maidir le pinsin d'fhostaithe an NV Nederlandse Spoorwegen (Cuideachta Iarnróid na hÍsiltíre) agus dá marthanóirí (Spoorwegpensioenwet) (An tAcht um Pinsin Iarnróid),
 - pinsin arna ndámhachtain faoin Reglement Dienstvoorwaarden Nederlandse Spoorwegen (lena rialaítear coinníollacha fostaíochta Chuideachta Iarnróid na hÍsiltíre),
 - sochair arna ndámhachtain do dhaoine scortha sular shroich siad aois inphinsin 65 bliana faoi phinsin atá ceaptha chun ioncam a sholáthar do dhaoine iarfhostaithe agus le linn thréimhse a seanaoise, nó sochar arna soláthar i gcás imeacht anabái ó mhargadh an tsaothair faoi scéim arna bhunú ag an stát nó le comhaontú tionsclaíoch do dhaoine atá 55 bliana d'aois nó os a chionn,
 - sochair arna ndámhachtain do phearsanra míleata agus do státseirbhísigh faoi scéim atá infheidhme i gcás iomarcaíochta, aoisliúntais agus luathscóir.
- (g) Chun críocha Airteagal SSC.16(1) den Phrótacal seo, beidh na daoine dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) den mhír seo agus a fhanann go sealadach san Ísiltír i dteideal sochar comhchineáil i gcomhréir leis an mbeartas arna thairiscint do dhaoine árachaithe san Ísiltír ag institiúid na háite fanachta, ag cur san áireamh Airteagal 11(1), (2) agus (3) agus Airteagal 19(1) den Zorgverzekering sa Zorgverzekering (an tAcht um Árachas Sláinte Ginearálta), mar aon le sochair chomhchineáil dá ndéantar foráil in Algemene Wet Bijzondere Ziektekosten (An tAcht Ginearálta um Speansas Míochaine Eisceachtúla).

2. Algemene Ouderdomswet (AOW) (An tAcht ar Phinsin Seanaoise Ghinearálta) a chur i bhfeidhm

- (a) Ní dhéanfar an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den AOW (an tAcht ar Phinsin Seanaoise Ghinearálta) a chur i bhfeidhm do mhíonna féilire roimh an 1 Eanáir 1957, i gcás faighteora nach gcomhlíonann na coinníollacha a bhaineann leis na blianta sin a áireamh mar thréimhsí árachais, más rud é, le linn na mblianta sin:
- go raibh cónaí air san Ísiltír idir aois 15 agus aois 65,
 - gur oibrigh sé, agus é ina chónaí i Stát eile, san Ísiltír d'fhostóir a bhí bunaithe san Ísiltír, nó
 - gur oibrigh sé i Stát eile le linn tréimhsí a mheastar a bheith ina dtréimhsí árachais faoi chóras slándála sóisialta na hÍsiltíre.

De mhaolú ar Airteagal 7 de AOW, aon duine nach raibh cónaí air san Ísiltír de réir na gcoinníollacha thuas ach roimh an 1 Eanáir 1957, measfar é a bheith i dteideal pinsin freisin.

- (b) Ní dhéanfar an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den AOW a chur i bhfeidhm do bhlianta féilire roimh an 2 Lúnasa 1989 i gcás duine atá pósta nó a bhí pósta ach nach raibh árachaithe faoin reachtaíocht thuasluaite sna blianta sin, idir aois 15 nó aois 65, nuair a bhí cónaí air i gcríoch Stáit seachas an Ísiltír, má tá na blianta féilire sin comhthráthach le tréimhsí a chuir céile an duine sin isteach faoin reachtaíocht sin nó le blianta féilire atá le cur san áireamh faoi phointe 2(a), ar choinníoll go raibh pósadh na lánúine ar marthain le linn an ama sin.

De mhaolú ar Airteagal 7 den AOW, measfar duine den sórt sin a bheith i dteideal pinsin.

- (c) Ní dhéanfar an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den AOW a chur i bhfeidhm do mhíonna féilire roimh an 1 Eanáir 1957, i gcás céile pinsinéara nach gcomhlíonann na coinníollacha a bhaineann leis na blianta sin a áireamh mar thréimhsí árachais, más rud é le linn na mblianta sin:

- go raibh cónaí air san Ísiltír idir aois 15 agus aois 65, nó
- gur oibrigh sé, agus é ina chónaí i Stát eile, san Ísiltír d'fhostóir a bhí bunaithe san Ísiltír, nó
- gur oibrigh sé i mBallstát eile le linn tréimhsí a mheastar a bheith ina dtréimhsí árachais faoi chóras slándála sóisialta na hÍsiltíre.

- (d) Ní bheidh feidhm ag an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den AOW maidir le blianta féilire roimh an 2 Lúnasa 1989 nach raibh céile pinsinéara a bhfuil cónaí air i Stát seachas an Ísiltír, idir 15 agus 65 d'aois, árachaithe faoin AOW, má tá na blianta féilire sin i gcomhthráth le tréimhsí árachais a chuir an pinsinéir i gcrích faoin reachtaíocht sin nó le blianta féilire a bheidh le cur san áireamh faoi phointe 2(a), ar choinníoll go raibh pósadh na lánúine ar marthain le linn an ama sin.

- (e) Ní bheidh feidhm ag pointí 2(a), 2(b), 2(c) ná 2(d) maidir le tréimhsí atá comhthráthach leis na tréimhsí seo a leanas:

- tréimhsí a fhéadfaí a chur san áireamh d'fhonn cearta pinsin a ríomh faoi reachtaíocht um árachas seanaoise de chuid Stáit eile seachas an Ísiltír, nó
- tréimhsí ar ina leith a tharraing an duine lena mbaineann pinsin seanaoise faoin reachtaíocht sin.

Ní dhéanfar tréimhsí árachais shaorálaigh faoi chóras Stáit eile a chur san áireamh chun críocha an phointe seo.

- (f) Ní bheidh feidhm ag pointí 2(a), 2(b), 2(c) agus 2(d) ach amháin má bhí cónaí ar an duine lena mbaineann i Stát amháin nó níos mó ar feadh 6 bliana tar éis aois 59 agus ní bheidh feidhm ag na pointí sin ach amháin ar feadh cibé tréimhse a raibh cónaí ar an duine sin i gceann de na Stáit sin.

- (g) De mhaolú ar Chaibidil IV de AOW, aon duine a raibh cónaí air i Stát eile seachas an Ísiltír agus a bhfuil a chéile clúdaithe faoi árachas éigeantach faoin reachtaíocht sin, beidh sé údaraithe chun árachas saorálach a fháil faoin reachtaíocht sin i gcomhair tréimhsí a bhfuil árachas éigeantach ag an gcéile ina leith.

Ní scoirfidh an t-údarú sin i gcás ina bhfoirceantar árachas éigeantach an chéile de bharr a bháis nó de bharr a báis agus i gcás nach bhfuil pinsean á fháil ag an marthanóir ach faoin Algemeenabestaandenwet (reachtaíocht na hÍsiltíre maidir leis an dlí ginearálta i leith cleithiúnaithe marthanacha).

Ar aon chuma, scoirfidh an t-údarú maidir le hárachas saorálach ar an dáta a slánóidh an duine 65 bliana d'aois.

Déanfar an ranníocaíocht a bheidh le híoc ar an árachas saorálach a shocrú i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le cinneadh na ranníocaíochta d'árachas saorálach faoin AOW. Más rud é, áfach, go leanann an t-árachas saorálach as tréimhse árachais dá dtagraítear i bpointe 2(b), socrófar an ranníocaíocht i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le cinneadh na ranníocaíochta d'árachas éigeantach faoin AOW, agus an t-ioncam atá le cur san áireamh á mheas mar ioncam a fuarthas san Ísiltír.

- (h) Ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i bpointe 2(g) d'aon duine atá árachaithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile maidir le pinsin nó maidir le sochair mharthanóir.

- (i) Ceanglófar ar aon duine ar mian leis árachas saorálach a bhaint amach faoi phointe 2(g) iarratas a dhéanamh air chuig an mBanc Árachais Shóisialta (Sociale Verzekeringsbank) tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis an dáta a gcomhlíonfar na coinníollacha rannpháirtíochta.

3. Cur i bhfeidhm Algemene nabestaandenwet (ANW) (An tAcht Ginearálta ar Ghaolta a Mhaireann)

- (a) I gcás ina mbeidh an céile marthanach i dteideal pinsin mharthanóra faoin ANW (An tAcht Ginearálta um Ghaolta Marthanacha) de bhun Airteagal SSC.46(3) den Phrótacal seo, déanfar an pinsean sin a ríomh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo.

D'fhonn na forálacha sin a chur i bhfeidhm, measfar gur tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht na hÍsiltíre freisin iad tréimhsí árachais roimh an 1 Deireadh Fómhair 1959, más rud é, le linn na tréimhsí sin, tar éis aois 15:

— go raibh cónaí air san Ísiltír; nó

— gur oibrigh sé, agus é ina chónaí i mBallstát eile, san Ísiltír d'fhostóir a bhí bunaithe san Ísiltír; nó

— gur oibrigh sé i Stát eile le linn tréimhsí a mheastar a bheith ina dtréimhsí árachais faoi chóras slándála sóisialta na hÍsiltíre.

- (b) Ní chuirfear san áireamh tréimhsí atá le cur san áireamh faoi phointe 3(a) agus atá comhthráthach le tréimhsí árachais éigeantaigh a cuireadh isteach faoi reachtaíocht Stáit eile i leith pinsean marthanóra.

- (c) Chun críocha phointe (b) d'Airteagal SCC.47(1) den Phrótacal seo, ní chuirfear san áireamh mar thréimhsí árachais ach tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht na hÍsiltíre tar éis aois 15.

- (d) De mhaolú ar Airteagal 63a(1) den ANW, aon duine a bhfuil cónaí air i mBallstát eile seachas an Ísiltír agus a bhfuil a chéile clúdaithe faoi árachas éigeantach faoin ANW, beidh sé údaraithe chun árachas saorálach a fháil faoin ANW, ar choinníoll go mbeidh an t-árachas tosaithe cheana féin faoi dháta chur i bhfeidhm an Phrótacail seo, ach ní bheidh feidhm aige seo ach amháin maidir le tréimhsí ar ina leith atá árachas éigeantach ag an gcéile.

Tiocfaidh deireadh leis an údarú sin an dáta a gcríochnóidh árachas éigeantach an chéile faoin ANW, mura rud é go bhfoirceannar árachas éigeantach an chéile de bharr a bháis nó de bharr a báis agus i gcás nach mbeidh pinsean á fháil ag an marthanóir ach faoin ANW.

Ar aon chuma, scoirfidh an t-údarú maidir le hárachas saorálach ar an dáta a slánóidh an duine 65 bliana d'aois.

Déanfar an ranníocaíocht a bheidh le hioc ar an árachas saorálach a shocrú i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le cinneadh na ranníocaíochtaí d'árachas saorálach faoin ANW. Más rud é, áfach, go leanann an t-árachas saorálach as tréimhse árachais dá dtagraítear i bpointe 2(b), socrófar an ranníocaíocht i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le cinneadh na ranníocaíochtaí d'árachas éigeantach faoin ANW, agus an t-ioncam atá le cur san áireamh á mheas mar ioncam a fuarthas san Ísiltír.

4. Cur i bhfeidhm reachtaíocht na hÍsiltíre maidir le héagumas chun oibre

Agus sochair faoin WAO, nó WIA nó WAZ á ríomh acu, cuirfidh institiúidí na hÍsiltíre an méid seo a leanas san áireamh:

— tréimhsí fostaíochta íoctha, agus tréimhsí a ndéileáiltear leo amhlaidh, ar tréimhsí iad a cuireadh isteach san Ísiltír roimh an 1 Iúil 1967,

— tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoin WAO,

— tréimhsí árachais a chuir an duine lena mbaineann isteach, tar éis dó aois 15 a shlánú, faoin Algemene Arbeidsongeschiktheidswet (an tAcht Ginearálta um Éagumas chun Oibre), a mhéid nach mbeidh na tréimhsí comhthráthach le tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoin WAO,

— tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoin WAZ,

— tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoin WIA.

AN SPÁINN

1. Chun pointe an Prótacal seo a chur chun feidhme, ní dhéanfar na blianta atá in easnamh ar an oibrí le haghaidh aois an phinsin a bhaint amach nó aois scoir éigeantaigh mar atá leagtha síos faoi Airteagal 31(4) den leagan comhdhlúite den Ley de Clases Pasivas del Estado (An Dlí maidir le Pinsinéirí Stáit) a chur san áireamh mar bhlianta seirbhíse iarbhrí ach

amháin más rud é go raibh an tairbhí, an tráth ar tharla an teagmhas a bhfuil pinsin éagumais nó pinsin bháis dlite ina leith, cumhdaithe le scéim speisialta na Spáinne do státseirbhísigh nó go raibh gníomhaíocht á feidhmiú aige lena gceanglófaí go mbeadh an duine lena mbaineann áirithe faoi scéim speisialta an Stáit do státseirbhísigh, do na fórsaí armtha nó don bhreithiúnacht, dá mba rud é gur sa Spáinn a bhíothas ag gabháil don ghníomhaíocht.

2. (a) Faoi phointe (c) d'Airteagal SSC.51(1), déanfar ríomh shochar teoiriciúil na Spáinne ar bhonn ranníocaíochtaí iarbhir an duine le linn na mblianta díreach roimh íoc na ranníocaíochta deireanaí le slándáil shóisialta na Spáinne. Más rud é, le linn an bunmhéid an phinsin a ríomh, nach mór tréimhsí árachais agus/nó cónaithe faoi reachtaíocht Stát eile a chur san áireamh, is é an bonn do ranníocaíochtaí sa Spáinn is gaire ó thaobh ama de do na tréimhsí tagartha a úsáidfear do na tréimhsí sin, agus forbairt an innéacs praghsanna do thomhaltóirí á cur san áireamh.
- (b) Méadófar méid an phinsin a fuarthas de réir méid na méaduithe agus na n-athluachálacha a ríomhfear do gach bliain ina dhiaidh sin do phinsin den chineál céanna.
3. Tréimhsí a cuireadh isteach i Stáit eile a chaithfear a ríomh sa scéim speisialta do státseirbhísigh, do na fórsaí armtha agus don riarachán breithiúnach, déileálfar leo, chun críocha Airteagal SSC.51 den Phrótacal seo, ar an gcaoi chéanna a dhéileálfar leis na tréimhsí is gaire ó thaobh ama de a raibh cumhdach ann mar státseirbhíseach sa Spáinn.
4. Maidir leis na méideanna atá bunaithe ar aois dá dtagraítear sa Dara Forail Idirthréimhseach den Dlí Ginearálta maidir le Slándáil Shóisialta, beidh siad sin infheidhme maidir le gach tairbhí faoin bPrótacal seo a bhfuil ranníocaíochtaí faoina n-ainmneacha faoi reachtaíocht na Spáinne roimh an 1 Eanáir 1967; ní fhéadfadh, trí Airteagal SSC.6 den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm, chun críocha an Phrótacail seo amháin, déileáil le tréimhsí árachais a creidiúnaíodh i Stát eile roimh an 1 Eanáir 1967 mar ranníocaíochtaí arna n-íoc sa Spáinn. Is é an dáta a fhreagróidh don 1 Eanáir 1967 ná an 1 Lúnasa 1970 le haghaidh na Scéime Speisialta do Mharaithe agus an 1 Aibreán 1969 le haghaidh na Scéime Slándála Sóisialta Speisialta do Ghualmhianadóireacht.

AN tSUALAINN

1. Maidir leis na forálacha don Phrótacal a bhaineann le comhiomlánú tréimhsí árachais agus tréimhsí cónaithe, ní bheidh feidhm acu maidir le forálacha idirthréimhseacha reachtaíocht na Sualainne maidir le teidlíocht ar an bpinsean ráthaithe do dhaoine a saolaíodh in 1937 nó roimhe sin agus a raibh cónaí orthu sa tSualainn ar feadh tréimhse sonraithe roimh iarratas a dhéanamh ar phinsean (Caibidil 6 den Acht [2010:111] maidir leis an gCód Árachais Shóisialta a thabhairt isteach).
2. Chun ioncam a ríomh do chúiteamh breoiteachta barúlach agus ioncam-bhainteach agus do chúiteamh ar ghníomhaíochtaí ioncam-bhainteacha i gcomhréir le Caibidil 34 den Chód Árachais Shóisialta (2010:110), beidh feidhm ag an méid seo a leanas. I gcás ina raibh an duine árachaithe, le linn na tréimhse tagartha, faoi réir reachtaíochta Ballstáit amháin eile nó níos mó de bharr gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe, measfar go bhfuil an t-ioncam sa Stát nó sna Stáit lena mbaineann coibhéiseach le meán-ollioncam an duine árachaithe sa tSualainn le linn an chuid den tréimhse thagartha sa tSualainn, agus é sin á ríomh trí thuilleamh sa tSualainn a roinnt ar líon na mblianta inar fabhraíodh an tuilleamh sin,
3. (a) Chun sócmhainní barúlacha pinsin a ríomh le haghaidh pinsean marthanóirí ioncam-bhunaithe (Caibidil 82 den Chód Árachais Shóisialta [2010:110]), mura gcomhlíonfar ceanglas reachtaíocht na Sualainne i leith teidlíochta pinsin do thrí cinn ar a laghad de na cúig bliana féilire díreach roimh bhás an duine árachaithe (an tréimhse thagartha), cuirfear san áireamh tréimhsí árachais a cuireadh isteach i Stáit eile freisin, amhail agus dá mba sa tSualainn a cuireadh isteach iad. Measfar, maidir le tréimhsí árachais i Stáit eile, gur tréimhsí iad atá bunaithe ar mheán-bhonn pinsean na Sualainne. Mura bhfuil ach aon bhliain amháin le bonn pinsin sa tSualainn ag an duine lena mbaineann, measfar gurb é an méid céanna atá i ngach tréimhse árachais i Stát eile.
- (b) Chun creidiúintí barúlacha pinsin a ríomh don phinsin baintrí a bhaineann le báis a tharla an 1 Eanáir 2003 nó dá éis, más rud é nach gcomhlíontar an ceanglas atá i reachtaíocht na Sualainne i leith creidiúintí pinsin i leith dhá bhliain ar a laghad as na ceithre bliana díreach roimh bhás an duine árachaithe (an tréimhse thagartha) agus gur cuireadh tréimhsí árachais isteach i Stát eile, measfar, maidir leis na blianta, gur blianta iad atá bunaithe ar na creidiúintí pinsin céanna atá i gceist don bhliain Shualannach.

AN RÍOCHT AONTAITHE

1. Más rud é, i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, go bhféadfadh sé go bhfuil duine i dteideal pinsin scoir más rud é:
 - (a) gur cuireadh ranníocaíochtaí iarchéile san áireamh amhail agus dá mba ranníocaíochtaí an duine féin iad; nó
 - (b) go gcomhlíonann céile nó iarchéile an duine sin na coinníollacha ábhartha um ranníocaíochtaí, ansin, ar choinníoll, i ngach cás, go bhfuil nó go raibh an céile nó an t-iarchéile i mbun gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, agus go raibh sé faoi réir reachtaíocht dhá Stát nó níos mó, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 de Theideal III den Phrótacal seo d'fhonn an teidlíocht faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chinneadh. Sa chás sin, déanfar tagairtí in Airteagail SSC.44 go SSC.55 do 'tréimhsí árachais' a fhorléiriú mar thagairtí do thréimhsí árachais arna gcur isteach:
 - (1) ag céile nó ag iarchéile i gcás ina bhfuil éileamh á dhéanamh:
 - (a) ag bean phósta, nó
 - (b) ag duine ar foirceannadh a phósadh nó a pósadh ar shlí seachas mar gheall ar bhás a chéile; nó
 - (2) ag iarchéile, i gcás ina bhfuil éileamh á dhéanamh:
 - (a) ag baintreach fir nach bhfuil i dteideal liúntais tuismitheora is baintreach nó baintreach fir díreach roimh aois inphinsin a bhaint amach dó, nó
 - (b) ag baintreach nach bhfuil, díreach roimh theacht in aois inphinsin di, i dteideal liúntas do mháthair is baintreach, liúntas do thuismitheoir baintreach nó baintreach fir nó pinsean baintrí, nó nach bhfuil i dteideal ach pinsean aois-bhainteach baintrí arna ríomh de bhun phointe (b) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo, agus chun na críche sin ciallaíonn 'pinsean aois-bhainteach baintrí' pinsean baintrí atá iníoctha ar ráta laghdaithe i gcomhréir le roinn 39(4) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992.
2. Chun críocha Airteagal SSC.8 den Phrótacal seo i gcás sochar airgid thirim i leith seanaoise nó marthanóirí, i gcás pinsean le haghaidh tionóiscí ag an obair nó galair cheirde, agus i gcás deontais bháis, measfar aon tairbhí faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe atá ag fanacht i gcríoch Stáit eile, measfar ina leith, le linn na tréimhse fanachta sin, go raibh cónaí air i gcríoch an Stáit eile sin.
 - (1) Chun fachtóir tuillimh a ríomh d'fhonn teidlíocht ar shochair faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chinneadh, measfar, do gach seachtain den ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe faoi reachtaíocht Ballstáit agus a thosaigh le linn na bliana cánach ábhartha de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, gur íoc an duine lena mbaineann ranníocaíochtaí mar shaothraí fostaithe, nó go raibh tuilleamh aige ar íocadh ranníocaíochtaí ina leith, ar bhonn tuillimh atá coibhéiseach le dhá thrian den uasteorainn tuillimh don bhliain sin.
 - (2) Chun críocha phointe (b) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo, más rud é:
 - (a) in aon bhliain chánach ioncaim dar tosach an 6 Aibreán 1975 nó dá éis, gur chuir duine a ghníomhaíonn mar dhuine fostaithe tréimhsí árachais, fostaíochta nó cónaithe isteach go heisiach i mBallstát eile, agus gurb é atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm phointe (1) den mhír seo go n-áirítear an bhliain sin mar bhliain cháilitheach de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe chun críocha phointe (b)(i) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo, measfar go raibh sé árachaithe ar feadh 52 seachtain sa bhliain sin sa Bhallstát sin;
 - (b) nach n-áirítear bliain chánach ioncaim dar tosach an 6 Aibreán 1975 nó dá éis mar bhliain cháilitheach de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe chun críocha phointe (b)(i) d'Airteagal SSC.47(1) den Phrótacal seo, ní chuirfear san áireamh aon tréimhsí árachais, fostaíochta nó cónaithe a cuireadh isteach sa bhliain sin.
 - (3) Chun fachtóir tuillimh a thiontú ina thréimhsí árachais, roinnfear an fachtóir tuillimh a baineadh amach sa bhliain ábhartha chánach ioncaim de réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ar íosteorainn tuillimh na bliana sin. Sloinnfear an toradh mar shlánuimhir, agus neamhshuim á déanamh d'aon chodán atá fágtha. Maidir leis an bhfigiúr a ríomhtar amhlaidh, déileálfar leis mar líon na seachtainí árachais a chuirtear isteach faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe le linn na bliana sin, ar choinníoll nach rachaidh an figiúr sin thar líon na seachtainí ina raibh an duine sin faoi réir na reachtaíochta sin sa bhliain sin.

3. I gcás ina mbeidh Liúntas do Thuismitheoir Is Baintreach nó Baintreach Fir nó Íocaíocht Tacaíochta Báis (ráta is airde) ag brath ar bheith i dteideal Shochar Linbh na Ríochta Aontaithe, ní chuirfear cosc ar dhuine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta uile eile agus a bheadh incháilithe Sochar Linbh na Ríochta Aontaithe a fháil dá mbeadh cónaí orthu, nó ar an leanbh ábhartha, sa Ríocht Aontaithe, an Liúntas Liúntas do Thuismitheoir Is Baintreach nó Baintreach Fir nó an Íocaíocht Tacaíochta Báis (ráta is airde) a fháil i gcomhréir leis an bPrótacal seo, cé go bhfuil Sochar Linbh na Ríochta Aontaithe eisiata ó raon feidhme an Phrótacail seo faoi Airteagal SSC.3(4)(g).

FOSCRÍBHINN SSCI-1

SOCRUITHE RIARACHÁIN IDIR DHÁ STÁT NÓ NÍOS MÓ

(dá dtagraítear in Airteagal SSCI.8 den Iarscríbhinn seo)

AN BHEILG – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú litreacha an 4 Bealtaine agus an 14 Meitheamh 1976 maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostas na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe leighis a tharscaoileadh)

Malartú litreacha an 18 Eanáir agus an 14 Márta 1977 maidir le hAirteagal 36(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (comhshocraíocht le haghaidh aisíoc nó tarscaoileadh aisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear faoi théarmaí fhorálacha Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71) an leagan leasaithe le malartú litreacha an 4 Bealtaine agus an 23 Iúil 1982 (comhaontú maidir le haisíoc costas a thabhaítear faoi Airteagal 22(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71)

AN DANMHAIRG – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú Litreacha an 30 Márta agus an 19 Aibreán 1977 arna mhodhnú le Malartú Litreacha an 8 Samhain 1989 agus an 10 Eanáir 1990 ar chomhaontú maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil, na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe leighis a tharscaoileadh

AN EASTÓIN – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 29 Márta 2006 idir Údaráis Inniúla Phoblacht na hEastóine agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagail 36(3) agus 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 seo le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

AN FHIONLAINN – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú Litreacha an 1 agus an 20 Meitheamh 1995 maidir le hAirteagail 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (costais na sochar comhchineáil a aisíoc nó aisíoc na gcostas sin a tharscaoileadh) agus maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) 574/72 (aisíoc chostas na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)

AN FHRAINIC – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú litreacha an 25 Márta agus an 28 Aibreán 1997 maidir le hAirteagal 105(2) den Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostas na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)

Comhaontú an 8 Nollaig 1998 maidir leis na modhanna sonracha chun na méideanna a chinneadh a bheidh le haisíoc i leith sochair chomhchineáil de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72

AN UNGÁIR – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 1 Samhain 2005 idir Údaráis Inniúla Phoblacht na hUngáire agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagail 35(3) agus 41(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 883/2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán sin le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

ÉIRE – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú litreacha an 9 Iúil 1975 maidir le hAirteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (comhshocraíocht le haghaidh aisíoc nó tarscaoileadh aisíoc chostas na sochar comhchineáil dá bhforáiltear faoi théarmaí Chaibidil 1 nó Chaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (CEE) 574/72 (aisíoc chostas seiceálacha riaracháin agus scrúduithe liachta a tharscaoileadh)

AN IODÁIL – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhshocraíocht a síníodh an 15 Nollaig 2005 idir Údaráis Inniúla Phoblacht na hIodáile agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 sa dá thír le héifeacht ón 1 Eanáir 2005

LUCSAMBURG – AN RÍOCHT AONTAITHE

Malartú litreacha an 18 Nollaig 1975 agus an 20 Eanáir 1976 maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostas na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 a tharscaoileadh)

MÁLTA – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 17 Eanáir 2007 idir Údaráis Inniúla Mhálta agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagail 35(3) agus 41(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 883/2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán sin le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

AN ÍSILTÍR – AN RÍOCHT AONTAITHE

An dara habairt d'Airteagal 3 de Chomhshocraíocht Riaracháin an 12 Meitheamh 1956 maidir le Coinbhinsiún an 11 Lúnasa 1954 a chur chun feidhme

AN PHORTAINGÉIL – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhshocraíocht an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír le héifeacht ón 1 Eanáir 2003

AN SPÁINN – AN RÍOCHT AONTAITHE

Comhaontú an 18 Meitheamh 1999 maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil a deonaíodh de bhun fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72

IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LE CINNEADH UIMH. 1/2021

IARSCRÍBHINN SSC-8

FORÁLACHA

IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM AIRTEAGAL SSC.11

NA BALLSTÁIT

An Ostair

An Bheilg

An Bhulgáir

An Chróit

An Chipir

an tSeicia

An Danmhairg

An Eastóin

An Fhionlainn

An Fhrainc

An Ghearmáin

An Ghréig

An Ungáir

Éire

An Iodáil

An Laitvia

An Liotuáin

Lucsamburg

Málta

An Ísiltír

An Pholainn

An Phortaingéil

An Rómáin

An tSlóvaic

An tSlóivéin

An Spáinn

An tSualainn
